# Guth Ghoill

Luach € 2.00


## Guímis Nollaig Shona agus Athbhliain faoi mhaise dár léitheoirí uilig







Seo thuas Daidí na Nollag le páistí Naíonra Dhiarnada & Ghráinne nuair a tháinig sé ar cuairt le bronntanais Dé Máirt 22 Nollaig. Bhí tarraingt Nollag sa Naíonra ar an lá céanna agus seo thíos na buaiteoirí: Nóra Mhic Uiginn (ciseán Nollag), Donna Nic Giolla Bhríde (dhá bhuidéal fíona) agus Donchadh Mac Giolla Bhríde (Bosca Milseán).



# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar


| | |
|---|---|
| Daidí na Nollag sa Naíonra | 1 |
| Iascaireacht sna Dúnaibh | 3 |
| Peileadóirí an Bhádchlóis | 7 |
| Peter Ó Sibhleáin | 8 |
| Oíche Ghaelach sa Síbín Ceoil | 9 |
| An Dán “Maggie” | 11 |
| Bronnadh Céime in Ollscoil na Gaillimhe | 12 |
| Feadaímó | 13 |
| Cóisir na Nollag | 15 |


‘Sé seo an t-eagrán deireanach de Ghuth Ghoill don bhliain agus bá mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil libh uilig a scríobh píosaí dúinn, a rinne agallamh linn nó a thug pictiúir dúinn i rith na bliana. Tá súil againn go bhfuil sibh ag baint suilt as an iris seo agus má tá moltaí ar bith agaibh faoi ábhar don bhliain seo chugainn bheadh lúcháir orainn a chloisteáil uaibh. Is féidir iar-chóipeanna d’eagrán ar bith a fháil in oifig Céim Aniar.

Ba mhaith linn bliain úr faoi shuaimhneas a ghuí oraibh uilig.

Bádaí na hAlban



# Iascaireacht sna Dúnaibh

**ar leanstan**


***Zulus agus Drifters na hAlban.***

Bhí an córas séarála, a bhí ar bhun trialaigh, ag obair go maith ach is cosúil go ndeachaigh cáil cuid scadán na nDúnaibh i bhfad ó bhaile agus dheamhan i bhfad go raibh ar iascairí na Contae seo a bheith ag coimhlint le bádaí móra na hAlban agus ba seo coimhlint nach rabhar ag súil leis, coimhlint a raibh impleachtaí móra leis agus a raibh tionchar mór aige ar thionscal na hiascaireachta sna Dúnaibh agus sa Chontae seo. Bhí cuid bádaí na hAlban níos mó agus níos éifeachtaí agus bhí a gcuid eangach níb fhaide agus i measc an chabhlaigh bhí drifters gaille. Ba bhádaí na hAlban de bharr a méide agus a gcumhachta a ba luaithe ag talamh an éisc agus ba iad a ba luaithe a bhí istigh ag an mhargadh.

***Fán bhliain 1899*** bhí naoi Zulu is fiche tógtha ag an Bhord do chósta Dhún na nGall agus cuid mhaith den iascaireacht a dhéanamh acu seo amach as céidh na nDúnaibh. Ba in Albain a tógadh iad seo ach ansin sa bhliain 1899 tosaíodh ar na bádaí Zulu a thógáil i mBádchlós na gCealla Beaga.

***Sa bhliain 1901*** ba ar bhun triallaigh a tháinig bádaí na hAlban anall. ***Ar an aonú lá fichead d'Aibreán na bliana 1902*** tháinig dhá drifter isteach go Báigh na nDúnaibh, ba drifter gaille a bhí i gceann acu. Ina gcuideachta bhí galtán (steamer) as Glaschú le lasta salainn agus bairil-lí úra. Ansin thosaigh ceannaitheoirí na hAlban a theacht sna seachtainí ina dhiaidh sin comh maith le ***leathchéad drifter eile***. Bhí coimhlint ghéar anois ag na Zulus.

***Fá dheireadh Aibreán na bliana 1903*** bhí cabhlach de thrí fichead bád de chuid na hAlban sna Dúnaibh, dó dhéag drifter gaille ina measc agus scaifte mór de cheannaitheoirí na hAlban. Bhíothas ag fáil suas le 72 scillinge an crán ar na scadáin agus d'éirigh le beirt Zulu de chuid na nDúnaibh, an St Finan faoin scipéir Antoin Mac Eiteagáin, (Antoin Rua) agus bád eile an Benbawn faoi stiúr Phádraig Ó Luodhóg (Pádraig Shéamais) £20 agus £35 a shaothrú in aon oíche amháin. Fán am seo bhí scadáin shaillte na nDúnaibh ag déanamh deich scil-linge níos mó ar an mhargadh ná mar a bhí cuid



Bád Julu

scadán Barra ná Stornaway. Rinneadh 4,160 bairille agus 30 bosca scadán chur 'na mhargaidh sna Dúnaibh le linn iascaireacht an tSamhraidh sin agus shaothraigh na hiascairí tuairim is £10,000. Íocadh thart fá £500 leis an mhuintir a bhí i mbun leasaithe. Bhí i ndeis de chéad cailín as Albain agus fiche cailín as na Rossa ag dul d'obair shaillte agus leasaithe sna Dúnaibh comh maith le slua mór de mhná na háite***. B'fhiú £4,873 an méid iasc a thug na bádaí Zulu i dtír sa bhliain 1903.***

***Sa bhliain 1905 mhair séasúr iascaireacht scadáin an tSamhraidh*** sna Dúnaibh ón 8ú Bealtaine go dtí an 10ú Meithimh agus bhí cúig Zulu agus fiche páirteach san Iascaireacht comh maith le céad agus cúig déag bád de chuid na hAlban. Shaothraigh na Zulus £3,200 agus nuair a bristear seo síos chiallaigh sé gur shaothraigh achan iascaire, ar an mheán, £10-2-6 do cheithre seachtaine oibre. Is cinnte gurbh bhreá an t-airgead a bhí ann ag an am.
Fán am seo bhí cáil mhór ar scadáin shaillte na nDúnaibh ar mhargadh na Gearmáine agus na Rúise. Bhíothas ag fáil ó dheich go cúig mhark déag an bairille níos mó ar scadáin na nDúnaibh ag margaí i Hamburg agus Stettin ná mar bhíothas a fháil ar scadáin Chastlebay. Agus an lasta scadáin a cuireadh as na Dúnaibh go St.Petersburg fuarthas ó £1 go dtí £2 an bairille níos mó orthu ná mar fuarthas ar scadáin Chastlebay.

***Fán bhliain 1906*** bhi 251 bád ag iascaireacht amach as na Dúnaibh do shéasúr iascaireachta scadán an tSamhraidh — 51 drifter gaille as Albain, 147 Zulu as Albain, agus 55 Zulu as Dún na nGall fhéin. Mheall méid na scadán agus an luach ard cuid iascairí na hAlban agus bhí a gcuid bádaí níos mó agus iad ábalta a dhul níos faide 'un farraige. Rinneadh 10,262 bairille scadán a shailleadh agus díoladh iad seo ar luach £24,000. Bhí 1,800 iascaire ar fad fostaithe agus ba de bhunadh na háite 320 acu. Comh maith le seo bhí tuairim is 170 fostaithe ar tír mór, ag gutáil, ag sailleadh, ag pacáil, agus ansin dream eile a n-iompar ar bheithigh agus ar cháirteanna go dtí stáisiún na traenach ar an Chraoslach. Shaothraigh na daoine seo eatarthu don tséasúr thart fá £1,500. Bhí trí cheannaitheoir déag ar chéidh na nDúnaibh, ina measc ceannaitheoirí ón Ghearmáin agus ón Rúis. Bhí an luach a díoladh ar scadáin na nDúnaibh i St.Petersburg sa Rúis anois, dúbailt an luach a bhíothas a thabhairt ar chuid scadán Chastlebay. ***Ochtó cuairt a thug na galtáin lasta go poirt iascaireachta Dhún na nGall le linn na bliana 1906 le lastaí éisc a thógáil. Tháinig leathchéad acu seo go céidh na nDúnaibh.*** Bhí ós cionn trí fichid de bhádaí Zulu ar chósta Dhún na nGall fán bhliain 1906 agus lena chois sin os cionn daicheadh iarratas le haghaidh bádaí ar chuid lámh an Bhoird.
Mhair iascaireacht na scadán mar seo ar feadh na mblianta sin ag tús an chéid, agus is cinnte, cé go raibh buntáistí móra ag bádaí na hAlban, go ndearna na bádaí áitiúla agus a gcuid criúnna tréan airgid. Fán bhliain 1910 bhí céad Zulu curtha ar fáil ag an Bhord do iascairí Dhún na nGall. Ach nuair a chuirtear san áireamh go raibh os cionn dhá chéad drifter gaille de chuid na hAlban ag iascaireacht scadán ar chósta Dhún na nGall fán bhliain 1910 bhí deacrachtaí móra ag na bádaí seoil coimhlint. Bhí an oiread sin bádaí fá na Dúnaibh go raibh ar leath de chabhlach gaille na hAlban a dhul a iascaireacht amach as Bun Crancha. An buntáiste a ba mhó a bhí ag na bádaí seo ná an luas. Bhí siad ábalta a bheith istigh ag an mhargadh breá luach agus, go minic, fán am a bhfuair na bádaí seoil isteach bhíodh an chuid ba mhó dá gcuid éisc faighte ag na ceannaitheoirí agus bhíodh ar bhunadh na háite cibé luach a tháirgtí dóibh a ghlacadh. Ba é an t-am ba mhó a rinne Zulus Dhún na nGall aon airgead ab fhiú, ag deireadh, ná le linn iascaireacht an Fhómhair – Lúnasa agus Meán Fómhair-- nuair a bhíodh iascairí na hAlban ag iascaireacht ina gcuid farraigí féin.

***Deireadh leis na Zulus.***

Tógadh an ceithre Zulu dheireanach d'iascairí Dhún na nGall sna blianta 1913/14. Sna fiche bliain ***o 1895 go 1915 chuir Bord na gCeantar Cúng 180 bád agus treallamh iascaireachta***

***ar fáil d'fhir óga chósta Dhún na nGall*** le hiad a spreagadh, agus oiliúnt a chur orthu tairbhe a bhaint as an saibhreas a bhí sna farraigí thart orthu agus a gcuid a shaothrú ar an fharraige. Ón bhliain 1907/08 thosaigh an Bord ag cur bádaí gaille agus bádaí innill ar fáil d'iascairí mar go raibh an t-éileamh ann cé go raibh na bádaí seo i bhfad ní ba dhaoire ná na bádaí seoil. Le linn na bliana 1912/13 rinne na bádaí gaille agus na bádaí innill seo neart airgid cé go raibh orthu in amanna a dhul níos faide ó bhaile anois. Bheir siad ar an chuid ba mhó dá gcuid éisc thart fá na Shetlands agus ar chósta thoir na Breataine, ó Fraserburgh go Lowestoft.

***Ach ansin tháinig an Cogadh Mór*** agus bhí luach na scadán agus na murlas socraithe iontach íséal ag an Ceannasaí Bia sa Bhreatain agus cé go ndearna an Bord roinnt iarrachtaí iad a fháil ardaithe níor éirigh leo. Lena chois sin bhain Rialtas na Breataine úsáid as cuid de na bádaí gaille agus na bádaí innill leis na farraigí thart fá Thoraigh a chuardach áit a raibh mianaigh leagtha ag na Gearmánaigh.

***Meath ar Thionscal na hIascaireachta.***

Dúirt Micks ina chuntas go mbeadh rath agus deathoradh ar thionscal na hiascaireachta i nDún na nGall ***muna mbeadh bádaí móra na hAlban ag teacht anseo,*** ach gur mheall cáil cuid scadán na nDúnaibh anseo iad. Dúirt sé dá bhfágfaí na Dúnaibh ag cuid Zulus Dhún na nGall go mbeadh achan duine sona sásta. Ach ní mar sin a bhí agus dúirt sé gur ghoill sé go mór ar na hiascairí áitiúla nuair a chonaic siad bádaí móra na hAlban ag teacht isteach de thairbe an luas a bhí futhú agus na buntáistí a chuaigh leo. Ba mhinic a smaoinigh sé cé acu a bheadh sé cothrom cosc a chur le criúnna coimhthíocha a gcuid éisc a chur i dtír anseo de thairbhe go raibh a gcuid bádaí níos cumhachtaí agus go rabhas ag déanamh an oiread sin dochar don tionscal go háitiúil. Mar sin de bhí deireadh tagtha le saol iascaireachta na bhfear óg seo in achar ghoirid. Níor mhair an rathúnas seo ach roinnt blianta dóibh.

Le linn lagtrá i gcúrsaí eacnamaíochta sna triochaidí bhí bádaí an Bhoird ina luí ag lobhadh ar chladaigh, ó na Dúnaibh go dtí na Cealla Beaga. ***Sna Dúnaibh fhéin bhí ós cionn dhaichead bád ina luí ar chladach Lag na hUillinne in aice le bádchlós Mhíobhaigh agus fir óga a bhí oilte mar iascairí ag spaisteoireacht thart dífhostaithe agus bádaí iascaireachta na Sasana ag líonadh suas le scadáin amach ó chósta Dhún na nGall.***

Dúirt Pat Conaghan ina leabhar '*Zulu Fishermen*' gur leag Bord na gCeantar Cúng síos ***dúshraith den scoth do thionscal na hiascaireachta anseo san iarthuaisceart***. Cuireadh oiliúint ar dhaoine maidir le cúrsaí iascaireachta, próiséala agus margaíochta agus bhí taithí iontach acu anois ar an dóigh leis an tionscal a reáchtáil. Thiocfadh le Dún na nGall tógáil anois ar an dúshraith a leagadh fé mar a rinneadh ar chósta thuaidh na hAlban agus úsáid thairbheach a bhaint as an t-aon acmhainn nádúrtha a bhí againn. Ach ní seo mar a tharla.

Measann Pat Conaghan gur ***baineadh úsáid as an Chogadh Mór leis an mheath seo a mhíniú*** agus caithfear glacaint uaidh sin go leanfadh an fhorbairt ar aghaidh dá mairfeadh an t-síochán. Dúirt sé nach raibh seo go hiomlán fíor mar go raibh sé soiléir nach raibh an rachmas (capital) a bhí riachtanach, anseo i nDún na nGall agus ***nach raibh an claonadh sna iascairí aonaracha anseo cuir le cibé rachmas a bhí acu agus infheistiú a dhéanamh sna drifters gaille.*** Bhí rachmas i nDún na nGall ach ní raibh sé i gcuid láimhe an mhuintir a bhí cóngarach do thionscal na hiascaireachta. Cé go raibh an oilteacht ansin i gcúrsaí iascaireachta agus i gcúrsaí leasaithe, a bhí inchurtha le haon cheantar iascaireachta eile, ní raibh an acmhainn ag na hiascairí ná ag an lucht gnó le hinfheistíocht mhuiníneach a dhéanamh.



*Lag na hUillinne*

***An Fhorbairt a rinneadh ar Thionscal na hIascaireachta.***

Rinne Mackle comparáid idir 1891, 1913, agus 1918 leis an dul chun cinn a rinneadh sa tionscal a léiriú. Cé nach raibh sé ábalta a chinntiú cén teacht isteach a bhí i Réigiún na gCeantar Cúng ón iascaireacht i 1891 tá an figiúr bunaithe ar theacht isteach, ar an mheán, de £7 an teaghlach agus le 7,100 fear

gníomhach glacadh leis go mbeadh teacht isteach de £50,000 ina iomláine. Dúirt Micks dá ndéanfaí mionscrúdú ar na tuairiscí don bhliain sin go laghdófaí an £50,000. ach bhí orthu toiseacht áit éigin agus sin an bunlíne a glacadh. Ba seo an bhliain sular thosaigh an fhorbairt ar chúrsaí iascaireachta.

***Seo leanas luach na n-iasc a tugadh i dtír sna ceantracha cúng de réir Contaetha i 1913:***

| | £ | |
|---|---|---|
| Dún na nGall | 52,797 | (scadáin ba mhó). |
| Corcaigh. | 36,906 | (murlas ba mhó). |
| Ciarraí. | 44,222 | (murlas). |
| An Chlár. | 3,446 | (murlas). |
| Gaillimh. | 21,963 | (£7,564 do mhurlas). |
| Maigheó. | 6,112 | (£2,963 do mhurlas). |
| Sligeach. | 1,366 | (mescán d'iasc). |
| Iomlán | £166, 812 | |

***Luach na nIasc a tugadh i dtír 1918:***

Taispeánann 1918 go raibh an teacht isteach i gCorcaigh, i gCiarraí agus i nGaillimh cuid mhaith níb airde ná mar a bhí sé i nDún na nGall. Caithfear cur san áireamh nach raibh na srianta céanna curtha i bhfeidhm ar chúrsaí iascaireachta ag Rialtas na Breataine i gCorcaigh agus i gCiarraí agus a bhí curtha i bhfeidhm sa Chontae seo. Bhí cuid mhór mianach sna farraigí amach ó iarthuaisceart na Contae seo agus comh maith le sin bhí cuid mhaith de na bádaí móra iascaireachta ar cíos ag an Rialtas le hamharc fá choinne na mianaigh farraige seo.

| | | £ |
|---|---|---|
| Dún na nGall | | 82,189 |
| Sligeach. | | 6,066 |
| Maigheó. | | 22,047 |
| Gaillimh | | 113,534 |
| An Chlár. | | 9,398 |
| Ciarraí. | | 242,879 |
| Corcaigh. | | 229,668 |
| | Iomlán | £705,668 |

Taispeánann na figiúir seo an fhorbairt agus an dul chun cinn a rinneadh le linn tréimhse Bhord na gCeantar Cúng agus má bhí Micks bródúil as na figiúir seo bhí a cheart sin aige.

***Ar Deireadh.***

Scríobh Pat Conaghan alt suimiúil ag deireadh a leabhair maidir leis an mheath seo. Dúirt sé go dtáinig deireadh le Bord na gCeantar Cúng go luath i ndiaidh saoirse na hÉireann agus gur fhág siad ina ndiaidh oidhreacht de thionscal iascaireachta nua-aimseartha a bhí páirt bhunaithe. D'fhág siad againn an acmhainn, le forbairt a dhéanamh mar náisiún iascaireachta a bheadh gach pioc comh fuinniúil agus comh proifisiúnta leis na hAlbanaigh agus na Sasanaigh nó leis na tíortha láidre iascaireachta atá ar imeall iarthar na hEorpa. ***Ní féidir a shéanadh anois, a dúirt sé, ná gur chaith Rialtas an tSaorstáit na buntáistí seo uathu.*** Don chéad deich mbliana den Stát úr bhí sé le tuiscint uathu nach raibh aon amhail acu ar an acmhainn a bhí san fharraige. Dúirt sé gur luí siad isteach le chuile rud eile ***ach go ndearna siad neamhaird dár n-acmhainn farraige*** agus gurbh ***aisteach an dearcadh agus an treo ab ea seo do náisiún úr oileánach.***

Is fíor a rá go raibh an dearcadh agus an treo seo comh aisteach céanna nuair a chuaigh muid isteach sa chomhmhargadh sna seachtóidí agus nuair a thosaigh an Rialtas ar a dturas le deireadh a chur le tionscal na hIascaireachta ar mhaithe le feirmeoirí saibhre Mhachaire Méith na Mumhain.

Foinsí: *Meevagh Down the Years (L. Lucas)*
*Zulu Fisherman (P.Conaghan)*
*OS Memoirs of Ireland.*
*History of the Congested District Board (W.L. Micks)*

Aodh Mac Laifeartaigh

# Peileadóirí an Bhádchlóis



## Ag amharc siar ar laethanta glórmhara Bhádchlós Mhíobhaigh.

Thosaigh cuid mhór fear óg ag obair sa yard sna blianta 1973 – 1977 agus den chuid is mó acu sin ba seo an chéad phost a bhí acu. Bhí an obair breá trom sna blianta sin mar ní raibh inneall ar bith le h-adhmad trom a thógáil agus thiocfadh leat a rá gur obair mhaslach a bhí ann in amanna. San am céanna, bhí cuid mhór sásaimh ann nuair a bheadh bád críochnaithe agus saoirse ár gcuid oibre le feiceáil.

Tháinig fir óga as Baile na nGallóglach, Gleann Colmcille, Fánaid, An Gleann, Carraig Airt, Creamhghort, Ráth Mealtain agus cuid mhór as ceantar na nDúnaibh, ón taobh thiar agus an taobh thoir ag obair ann. Bhí briseadh uaire againn ag am lóin agus déarfainn gurb é seo an uair bá mhó ar cailleadh allais. Bhí ár gcuid lóin slogtha siar againn agus ar shiúl linn go dtí an pháirc peile sna Dúnaibh chomh gasta agus a thiocfadh linn. Is iomaí racán agus titim amach a bhí again. Bhí cuid acu den bharúil gurb ag imirt i Parkhead nó in Old Trafford a bhí siad.

Ansin ar ais go dtí an yard ag a 2 a chlog, báite inár gcuid allais. Thiocfadh leat a rá go raibh dhá chos chiotach ag neart acu agus maidir le duine nó beirt, shílfeá gurb ag tabhairt a gcuid do na cearca a bhí siad.

Nuair a smaoiním siar anois, déarfainn gurb iad seo cuid de na blianta ab fhearr a bhí againn. Bhí neart oibre sa cheantar, an iascaireacht ag dul go maith, an ceantar glan ó thithe saoire, gan iomrá ar bith ar an tíogar Cheilteach nó NAMA agus an rud ba mhó, bhí am ag daoine labhairt lena chéile.

Seo thuas cuid de na gasúraí a bhí ag obair sa bhádchlós ag an am sin.

Ina seasamh, ó chlé tá John Mac Giolla Bhríde (Mhicí Rua), James Durning, Caoimhín Mac Giolla Bhríde (Mháire Ned), Micheál Ó Gallachóir, Pádraig Mac Giolla Bhríde agus Joe Mac Giolla Bhríde (Fheargail). Ina suí, ó chlé tá Tommy Hay, Marcas Ó Brolcháin (Bhoydie), Mylie Ó Gallachóir, Jim Ó Buaidh, Gearóid Ó Frighil, Pádraig Dugera, Seán Mac Fhionnghaile agus Joe Ó Gallachóir.

## Peter Ó Sibhleáin

Seo Peter Ó Sibhleáin agus an cairt a thóg sé sé



mhí ó shin. Chan a cheird a bhí ann ach fuair sé seanchairt agus d'oibrigh sé mar sin, ag déanamh í a chóipeáil.

Rugadh Peter i mí Eanáir, 1933 agus bhí ochtar sa teaghlach, sé ghasúr agus dhá ghirseach. Stiophán ó Sibhleáin a bhí ar a athair agus ar an Ghlíob a rugadh agus a tógadh eisean. Rugadh Peter i Ros na Binne sa teach ina bhfuil sé ina chónaí ann go fóill. Tógadh na tithe sin sa bhliain 1910. Thosaigh Peter ag obair sa bhádchlós nuair a bhí sé seacht mbliana déag d'aois agus d'oibrigh sé ansin ar feadh trí bliana déag. An Bord Iascaigh Mhara a bhí i gceannas an bhádchlóis nuair a bhí Peter ann agus bhí thart fá fiche ag obair ann faoin am sin. Ghlac Frank Carr anonn ansin é agus bhí dhá shift ann am amháin agus iad ag obair i rith na hoíche. Cailleadh millteanach a bhí ann don áit nuair a dhruid sé.

Ina dhiaidh sin chuaigh Peter ag obair do fhéin ag tógáil bádaí bradáin. Bhí sé ag dul do sin, idir a bheith ag tógáil bádaí agus ag cóiriú bádaí ar feadh tríocha bliain. Pósadh é ar Mháire Lynach sa bhliain 1961. Cha raibh mórán carranna ar an bhealach ag an am sin, shiúl siad achan áit. Fuair Peter a chéad charr i 1962, bhí Máire ar bharra an rothair roimhe sin! Bhí clann mór acu, deichniúr beo agus gasúr beag amháin, Peter Martin, a fuair bás ina thachrán.

Ba ghnách le Peter a dhul ag iascaireacht bradán sa tsamhradh. Mhairfeadh sin cúig nó sé seachtaine. Chuaigh sé amach le Charlie Bán ar feadh tamaill ag an tús agus ansin fuair sé a bhád fhéin agus ba ghnách le Charlie dul amach leisean ansin. Bhí coimhlint mhilteanach idir iad fhéin agus Willie Cullen. Bheadh siad amuigh ansin gan soilse ar bith, achan duine ag obair sa dorchadas. Bhí sé contúirteach go leor.
Tháinig athrú mór ar Ros na Binne le traidhfil blianta anuas, léir tithe úra tógtha agus athrú ar achan rud. Ba ghnách le achan duine prátaí agus rudaí den sórt sin a chur agus stad sin uilig. Cha raibh mórán talaimh acu ach bhí siad ábalta iad fhéin a choinneáil ag dul. D'imir Peter peil leis na Dúnaibh ina óige, lánchúlaí. Bhí Anton Mhici, Anton Mac Eiteagáin, Micheál Mac Aodh, Garda Galligan agus na boic sin uilig ag imirt ag an am sin. Bhain siad an chraobh sóisir i 1957 agus bhí oíche mhór acu i 1997, comóradh dhaichead bliain.

Tá soilse na Nollag ag loinnriú le bua,
Ó cheartlár na cathrach go huaigneas na tuaithe,
Tá coinneal na Nollag san fhuinneog 'na suí,
Ag fáiltiú roimh Mhuire, a theacht chun a' tí.

***

Tá an Ré is na Réalta ag soilsiú sa spéir,
Agus ciúnas na Nollag le mothú san aer,
Tá 'n saibhir 's an daibhir ar aon intinn amháin,
Ag fáiltiú roimh Íosa isteach inár saol.

***

Go ngeala na soilse an ród atá romhainn,
Is bí thusa a Íosa ár dtreorú go buan,
Nó an solas is gile dár shoilsigh go fóill,
Do theachtsa a Íosa isteach inár saol.

***

Ó tar chugainn, a Mhuire, 's beannaigh ár saol
Beidh aíocht le fáil agat féin 's do naoin'
Scrios as ár mbeatha an ghráin 's an fhuath
'S neartaigh an grá inár gcroíthe atá dúr.

***

Anon.

# Oíche Ghaelach sa Síbín Ceoil



Bhí oíche bhreá againn sa Síbín Ceoil Dé hAoine, 11 Nollaig le ceol, amhránaíocht, filíocht agus agallaimh beirte ó na páistí atá páirteach sa scéim pleanála teanga.

Cuireadh tús leis an oíche le ceol uirlise ó na h-ard ranganna le cuidiú ó Mháire Mhic Suibhne agus Dymphna Ní Ghallachóir (thuas).





*Na Naíonáin*




*Rang 1 & 2*

I ndiaidh dóibh dán a rá ina n-aonar, cheol na páistí amhráin dheasa ina ngrúpaí. Tá moladh tuilte ag Caitlín Ní Mhaoileoin a rinne cleachtadh ar na hamhráin leo. Lean an oíche ar aghaidh le



*Rang 3 & 4*




*Rang 5 & 6*



*Hannah Ní Chanainn agus Rebecca Nic Nuadht*



*Micheál Ó Coileáin agus Pádraig Mac Fhinneachta*

agallamh beirte agus tuilleadh ceoil. Bhain muid uilig sult as an oíche, na páistí iad fhéin agus an lucht éisteachta.



*Jaeic Mac Nuadht & Conchúr Mac Giolla Bhríde*



*Míobha Nic Fhinneachta & Proinsias Ó Cuilinn*

Roimh deireadh na hoíche bronnadh coirn ar bheirt de na páistí - Míobha Nic Fhinneachta a bhí ainmnithe mar rannpháirtí na bliana ag imeachtaí Céim Aniar agus Megan Nic Aoidh a bhí ainmnithe mar an rannpháirtí ar tháinig an feabhas ba mhó uirthi i rith na bliana.



*Megan Nic Aoidh le Proinsias Ó Cuilinn*

# Maggie

*Le*
*Proinsias Ó Cuilinn*



Thiomáin mé 'n tralaí suas agus síos
'gus mo iníon go gnóthach a líonadh;
bhí na seilfeanna lán de achan sórt ábhar
achan phacáiste a mealladh le hiontas.
Thógfainnse í chuig na boscaí os ard
chuir na roghanna í trína céile;
smaoinigh mé go tobann ar m'óige féin
gus ar shiopa bheag Mhaggie Cháitríona.

* * *

'S é an chéad chuimhne t'agam ar Mhaggie 's a siopa
ná Domhnach amháin teacht ón Aifreann;
Thóg mo mháthair an laiste is shiúl muid isteach
bhí sé plódaithe le muintir na háite.
Bhí sé dorcha go leor nuair a druideadh an doras
mar bhí an fhuinneog lán boscaí 'gus crocáin,
bhí an cuntar mór ard é leathan is donn
ar a chúl sheas Maggie ag freastal.

* * *

Bhí na gasúirí móra ina seasamh leo féin
iad ag magadh, ag cleasaíocht 's ag messaíl.
Sheas mé sa choirnéal is faitíos go bráth orm
ach cha raibh aon rud nach dtug Maggie faoi deara.
An í seo Máire Bheag nach ciúin thú a ghirsigh
tiocfaidh athrú, a thaisce, geallaim sin duit.
Thóg sí crág milseán is chuir iad i mó ghlac
rinne sí amhlaidh le achan pháiste sa tsiopa.

* * *

Ba chuma cé thú nó stádas do mhuintir
i do leabhar féin a scríobhfadh sí 'n cuntas.
Nuair a thiocfadh an lá a bhí scilling le spáráil
is díreach chuig Maggie a rachfá.
Is í ag dul do na figiúirí, dá bhfeicfeá a cumas
cha chluinfeá ariamh uaithi aon ghearán;
thosódh sí ag bun is rachadh sí go barr
is cha bheadh oiread is leathphingin ar seachrán

* * *

Bhí sí pléisiúrtha modhúil le haoibh ar a haghaidh
d'osclófá an doras chuig fáilte i gcónaí;
Dá gcluinfeá chomh múinte ar an fón is a bhí sí
shílfeá gur duine den uaisleacht í cinnte.
Chan conspóideach cantalach í bean uasail Chluain tSaileach
chan cúlchaint nó gearán a chluinfeá,
ach cosúil le héan ag coimhéad a nead,
cha bheadh sí faiteach dá dtiocfadh teann uirthi.

* * *

Cha bheadh aon spás do Mhaggie sa tíogar mhór Cheilteach
cha dtuigfeadh lucht gnó 'nois a leithéid,
ach tchímid gur seafóid an tíogar mór céanna
'gus gur saint a bhunús 's a spreagadh.
Char thuig Maggie saint ach thuig sí na daoine
áit a raibh ganntanas chruthaigh sí cothú,
ba é 'n scláta a córas agus léar againn istigh ann,
mar chan flúirseach a bhí saibhreas sa cheantar.

* * *

Bhí a croí lán maitheasa cha raibh aon amhras fá sin,
char fhág sí póca ariamh folamh ag páiste;
Scríobh Dickens fá Scrooge is chomh teann is a bhí sé;
bhail, is a mhalairt go hiomlán ba Mhaggie.
Bhí an dóigh amháin aici le achan uile dhuine
cé acu sean thú nó tachrán gan bhróga,
Tá mise den bharúil gus is tuairim ó'm chroí é
gur mhair naomh i Ros Goill i m'óige.

* * *

# Bronnadh Céime in Ollscoil na Gaillimhe



Seo pictiúr de cheathrar de bhunadh Mhíobhaigh agus duine de bhunadh na dTuatha ag an bhronnadh céime in Ollscoil na Gaillimhe ar na mallaibh.

Ó chlé ta Nóirín Mhic Ualghairg (Dioplóma i Léann an Bhéaloidis) Sábha Mhig Oireachtaigh (Dioplóma i Léann an Bhéaloidis & Dioplóma san Aistriúchán), Caitlín Ní Bhaoill (Dioplóma san Aistriúchán), Aingeal Nic a Bháird (Dioplóma san Aistriúchán) agus Caoimhín Mac a' Bháird (Dioplóma san Aistriúchán).

Ba shuntasach an ócáid í an bronnadh céime a bhí ann ar an 22ú Deireadh Fómhair 2009. Eagraíodh na cúrsaí seo faoi choimirce Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh, ar an Cheathrú Rua agus i nGaoth Dobhair.

Ó thaobh an Dioplóma i Léann an Bhéaloidis de, ba chúrsa dhá bhliain a bhí ann, cúrsa an-thairbheach agus an-thaitneamhach ar fad, a raibh ard-chaighdeán ag baint leis. Bhí an t-ádh orainne a d'fhreastail ar chúrsa Ghaoth Dobhair go raibh beirt léachtóir den chéad scoth againn, mar a bhí Mícheál Ó Domhnaill agus Conchúr Mac Giolla Eáin a d'oibrigh go dúthrachtach agus go dícheallach ar ár son.

## Feadaímó

Tá Feadaímó agus Colm ar an bhealach go Doire agus cairt lán príosúnaigh leo. Tá Síle, deirfiúr dhuine de na príosúnaigh, i ndiaidh teacht a fhad leo ach níl fonn ar bith ar Fheadaímó nó ar Cholm fear ar bith acu a scaoileadh saor. Bhí Síle ag iarraidh a capall a thiontú sa dóigh is go dtiocfadh léi dul agus cuidiú a fháil ach bheir Feadaímó ar na srianta. Thóg sí fuip agus rinne sí iarracht Feadaímó a bhuaileadh. Sheas Feadaímó ar cúl coiscéim, agus greim go fóill aige ar na srianta. Chuaigh sé go tapaigh faoi chloigeann an chapaill go dtí an taobh eile. Chuir sé a lámh faoi chos chlé Shíle agus chaith sé í ar an talamh. Luigh sí ina cnap ar an talamh agus a hanáil caillte ar fad aici. Cheangal Feadaímó an capall go teann le cúl na cairte agus thóg sé an ghirseach agus chuir sé í ina suí ar an chairt idir é fhéin is Colm. "Is fearr dúinne na bonnaí a bhaint as ar eagla go dtiocfadh duine ar bith eile den dream seo," arsa Feadaímó. "Hup, hup," a scairt sé is bhog an cairt ar aghaidh. "Ceart agat a Fheadaímó," arsa Colm. "Tá Tobar An Dreoilín tuairim is trí mhíle eile amach an bóthar agus thig linn dul i bhfolach sa choill. Chan fheiceann duine ar bith muid istigh ansin agus beidh muid ábalta fanacht ar Dhomhnall is an táin go deas socair. Cha bhíonn muid ach cúpla míle ó Dhoire ach is dóiche go mbeidh Domhnall ag iarraidh na boic seo a fháil isteach i ngan fhios do na húdaráis." Bhí a hanáil ag teacht ar ais chuig Síle agus labhair sí. "Cad chuige a mbeadh sé ag iarraidh iad a thabhairt isteach i ngan fhios do na húdaráis," a dúirt sí. "Tá cluasa ar na ballaí mar a déarfadh mo sheanmháthair" arsa Colm, agus 'sé an t-aon léas a bhí aici ar sin ná balbhán a dhéanamh di féin. Tharraing sé a bhairéad anuas thar a súile agus luigh sé siar ar an suíochán. "Ba mhaith liomsa deis a fháil labhairt leis na húdaráis," arsa Síle. "Chan saineolaí ar bith ar an dlí mé ach ní dóigh liom go bhfuil sé ceart agaibh mise a fhuadach mar seo." "Níl tusa i gcontúirt ar bith, a Shíle," arsa Feadaímó, agus é ag déanamh corr chúlfhéachaint ar an bhealach. "Nuair a thagann an táin a fhad linn thig leatsa dul do rogha bealach. Ach cha bheinnse sásta sin a dhéanamh anois mar tá a fhios agam go maith go mbeifeá ar ais agus scuad fear leat." "Cá háit a bhfaighinn an scuad seo," arsa Síle go searbhasach. "Níl fir ar bith fágtha fán bhaile s'againne. Tá siad uilig ar chúl na cairte seo. Níl fágtha againn ach na seanfhir agus na gasúirí óga." "Bhail, caithfidh mé a rá nach dtig liom trua a bheith agam daoibh. Bhí a fhios agaibhse go damanta maith gur gadaíocht bó a bhí siad ag déanamh agus na contúirtí a bhaineann lena leithéid sin oibre. Fosta cha raibh trua de shórt ar bith a thaispeáint acu fhéin agus an ionsaí ag dul ar aghaidh. Shíl mé go raibh Colm ansin dul a bheith marbh acu." D'amharc Síle air. Bhí Feadaímó ina shuí agus a aghaidh dírithe ar an bhóthar aige. Ba fathach d'fhear a bhí ann, é tuairim is sé troigh go leith ar airde. "Cha dtuigeann tusa an cineál cruachás atá i saol s'againne," arsa Síle os íseal. Thosaigh Feadaímó ag gáire. "Ó, bhail anois, sin ceann maith. As Ros Goill mise, a thaisce, agus níl feidhm agatsa a dhath a insint domhsa fá chruachás. Bíonn ar na fir agus na mná thíos againne a bheith amuigh ó dhubh go dubh le greim bia a chur ar an phláta." "Tá talamh agaibhse," arsa Síle, is tá sé furasta agaibh greim bia a chur ar an phláta." Tharraing Feadaímó na srianta agus fearg air. "Talamh! Talamh! Éist thusa liomsa, a ghirsigh," a dúirt sé, "chan linne an talamh ar chor ar bith. Is leis an Tiarna Liatroma an talamh uilig. Tá sé againne ar chíos agus nuair a tugadh do mhuintir s'againne é, cha raibh a leithéid de rud ann is cuibhreann. Carraigeacha agus gaineamh, luachrach agus muiríneach. Sin an rud a bhí acu ach d'oibrigh siad lena gcuid láimhe, fir is mná, seandaoine agus paistí.

Thóg siad na clocha agus chuir siad múrach is racálach, leathach is rúscán is achan sórt eile feamainne ar an talamh. An dtuigeann tú mé? Chrúthaigh siad an chréafóg a chlúdaigh na carraigeacha agus an gaineamh. Agus i ndiaidh na hoibre sin is uile, thiocfadh leis an Tiarna muid a chaitheadh amach ar thaobh an bhealaigh mhóir ar leithscéal ar bith. Ach coinníonn muid ag dul agus iompraíonn muid an t-ualach. Achan bhliain ó bhí mé ábalta siúl bhí me amuigh ag déanamh an rud céanna. Sin a' tuige a bhfuil muid ábalta greim bia a chur ar an tábla. Sin an fáth nach bhfuil orainn a bheith amuigh ag gadaíocht agus ag cur beathaí daoine i gcontúirt." Chroith sé na srianta agus bhog siad ar aghaidh gan focal ar feadh tamaill. Bhí an bóthar garbh go leor, ach, mí-chompordach is uile is a bhí sé ar an chairt, thit Colm ina chodladh.

Chuala siad é ag srannfach. Char mhuscail Feadaímó é mar, cé gur seo an chéad uair dó a bheith sa taobh seo tíre, cha raibh sé deacair an bealach go Doire a leanstan. Fosta, bhí maidin ghalánta ann, bhí girseach óg ina suí lena thaobh agus bhí sé ag iarraidh labhairt léi. D'inis Feadaímó di fá theaghlach s'aige fhéin agus fán chineál saol a bhí acu cois farraige. Mhínigh sé di go raibh sé ar a bhealach go Meiriceá le stór airgid a fháil do fhéin sa dóigh is go mbeadh sé neamhspleách óna mhuintir agus an cineál saol a bhí leagtha amach acusan dó. D'inis sé di faoin chleamhnas a bhí déanta dó agus gur bhris seisean na rialacha uilig agus dhiúltaigh sé an cailín. Cha raibh sé d'uchtach aige insint di faoin chailín a dhiúltaigh eisean. Smaoinigh sé ar Ghráinne. Bhí sé doiligh a chreidbheáil nach raibh ann ach ceithre lá ó labhair sé léi. Dhearg a aghaidh nuair a chuimhnigh sé ar chomh náirithe is a mhothaigh sé nuair a dhiúltaigh sí é. Shíl sé go raibh a chroí briste ach tháinig sé chuige nár smaoinigh sé ar Ghráinne ar chor ar bith ó chonaic sé aghaidh Shíle. Mhínigh sé di chomh deacair is a bheadh sé a bhealach a dhéanamh go Meiriceá ach go raibh sé dóchasach go dtiocfadh leis mian a chroí a bhaint amach. De réir a chéile tháinig Síle thart agus rinne sí cur síos ar a saol féin. D'inis sí dó go bhfuair a hathair bás leis an eitinn nuair a bhí sí naoi mbliaina d'aois, gurb ise an duine is sine de na ceithre pháiste agus gur Fhiachra an t-aon ghasúr. Mhínigh sí dó fán saol deacair a bhí ag a máthair is í ag tógáil clainne léi féin. "Cha raibh againn ach bothán scraithe ar phíosa de screabán," a dúirt sí, agus í ag labhairt os íseal sa dóigh is nach gcluinfeadh na príosúnaigh í. "Ní fiú a bheith ag caint ar na prátaí suaracha a bhainfeá as an talamh sin. Mar sin de, achan lá ó bhí mé naoi mbliana d'aois, d'fhágadh sí mise ag amharc i ndiaidh na bpaistí eile achan lá agus rachadh sí ag obair do na feirmeoirí móra fán áit. Achan jab salach a bhí acu thabharfadh siad é do mo mháthair agus dhéanfadh sí é gan ghearán. Labhair tú fá dhubh go dubh, a Fheadaímó, bhail, sin mar a bhí sé do mo mháthair bhocht. Chan fheicfeadh an dá ghirseach is óige í, ach ar an Domhnach. D'fhanfadh Fiachra múscailte ag coinneáil cuideachta liomsa go dtí go bpillfeadh sí achan oíche." Lean an comhrá eatarthu ar

aghaidh agus í ag míniú d'Fheadaímó chomh tábhachtach is a bhí Fiachra don teaghlach. "Bhí obair socraithe ag mo mháthair d'Fiachra le feirmeoir mór agus bhí sé le toiseacht ar an Luan seo chugainn. Dhéanfadh Fiachra an obair agus thabharfadh an feirmeoir prátaí dó. Dhéanfadh sé difir millteanach do mo mháthair dá mbeadh sin aici don teaghlach.
Ach cibé cén diabhal a chuaigh isteach ann d'imigh sé ag gadaíocht aréir, lena chara Cian, i ngan fhios do mo mháthair agus anois tá sé ar chúl na cairte seo. Níl a fhios aige nó agamsa cad é atá i ndán dó anois, ach, tá a fhios agam an méid seo, beidh mo mháthair croíbhriste nuair a chluinfidh sí an scéal." Mhothaigh Feadaímó go raibh a chroí ag bogadh agus go raibh trua aici di ach cha raibh neart aige ar an scéal. Fosta cha raibh leathphingin ina phóca aige agus é ag iarraidh dul go Meiriceá. Smaoinigh sé ar an phá mhaith a bhí i ndán dó i nDoire.
Bhí dhá scilling de phá mar thiománaí, chomh maith le lóistín oíche sa chathair le fáil. Char goideadh ainmhithe ar bith mar sin de bheadh leathchoróin sa bhreis acu. Ach sa mhullach ar sin uilig bhí coróin geallta ag Domhnall don fhoireann a gheobhadh greim ar ghadaí agus bhí dosaen acu sin sa chairt acu. Ba sin trí phunta le roinnt idir seachtar acu. Rinne Feadaímó suas na figiúirí uilig ina cheann. Bheadh trí scilling déag aige. Bheadh sé saibhir. Cha raibh an cineál sin airgid ariamh ina phóca aige agus cha raibh dóigh ar bith a raibh sé chun sin a chur i gcontúirt. "Chan ormsa atá an locht go deachaigh sé amach ag gadaíocht," arsa Feadaímó go crua. Chuir Síle a lámh ar sciathán Fheadaímó. "Tá a fhios agam nach bea, agus tá pionós tuilte aige, ach, cad é 'n cineál pionóis? Ba seo an chéad uair ariamh dó a leithéid a dhéanamh, m'fhocal ar sin." Thosaigh sí ag caoineadh. "Inis domh, a Fheadaímó, le do thoil," a dúirt sí, "cá bhfuil tú ag dul leofa? Má thugann tú iad chuig na húdaráis i nDoire tá an baol ann go gcrochfar iad, sin nó, má tá an t-ádh orthu, iad a dhíbirt thar tír amach. Dóigh amháin nó dóigh eile, ní fheicfidh mo mháthair é arís. Smaoinigh Feadaímó ar an todhchaí a bhí leagtha amach ag Domhnall do na príosúnaigh.
Chan chuig na hÚdaráis a bheadh sé ag dul leo ach chuig cara dena chuid i nDoire a raibh socraithe déanta aige le cabhlach na Breataine le fir a bhailiú dóibh. Thabharfadh an fear sin na príosúnaigh don chabhlach agus ghlacfadh an cabhlach leo gan cheisteanna ar bith. "Ó, Lorda!" dúirt sé leis féin agus é ag smaoineamh nach raibh todhchaí Fhiachra ag amharc go rómhaith." D'amharc sé ar Shíle ach cha raibh sé ábalta insint di. Cha raibh Feadaímó dóchasach go dtaispeánfadh Domhnall trócaire ar bith d'Fhiachra ach bhí air rud éigin a rá. "Cha dtig liomsa insint duit fá rudaí atá leagtha amach ina intinn ag Domhnall ach molaimse duit labhairt leis nuair a thagann sé. B'fhéidir go mbeadh trua aige do do chás."
Bhí Feadaímó ag coinneáil súl ar na clocha míle agus nuair a tháinig sé ar chloch ag rá "Derry 3 miles" d'iarr sé uirthi scairt a chur ar Cholm. Tá sé in am dó a bheith muscailte mar níl mise cinnte fá cá háit a bhfuil Tobar an Dreoilín." "Ba leis an sagart an capall, a Fheadaímó," arsa Síle go ciúin. "Cad é a dúirt tú," arsa Feadaímó. "Ba leis an sagairt an capall," arsa Síle arís. "Agus cad é atá ag sin le déanamh le rud ar bith a ghirsigh?" Bhí Feadaímó rud beag trína chéile mar nár thig sé cén treo a raibh an comhrá ag dul. "An síleann tú go bhfuil muid chun an capall a choinneáil ort?" Tharraing sé na srianta arís agus d'amharc sé uirthi.
"Chan gadaí ar bith mise," a dúirt sé. "Chomh luath is a thagann an táin thig leatsa imeacht ar do chapall. Tá m'fhocal agat ar sin." "Chan sin an rud atá mé ag rá," arsa Síle. "Dá má rud é gur éirigh le Fiachra é fhéin a scaoileadh saor thiocfadh leis imeacht ar an chapall, agus cha bheadh an locht ortsa. Gheofá do phá cibé." "Cad é'n dóigh nach mbeadh an locht ormsa? M'idése a bhí ann na boic sin a chur ar an chairt." Chuir Síle a lámh ar sciathán Feadaímó arís. "Cé a cheangal sa chairt iad?" Bhí Síle ag labhairt go híseal ar eagla go músclódh sí Colm. Smaoinigh Feadaímó ar sin agus d'inis sé di gur Domhnall agus Seán a cheangal iad. "Mar sin de dá bhfaigheadh beirt acu ar shiúl cha dtiocfadh le Domhnall an locht a chur ortsa," arsa Síle. "Beirt acu! Cad é atá tú ag rá? Bhí Feadaímó ag scairteadh fán am seo. "Whist," arsa Síle. "Tá Cian agus Fiachra ar an aois amháin. Níl iontu ach gasúirí agus sílim gur chóir duit deis a thabhairt dóibh saol a bheith acu." "Hup, hup," scairt Feadaímó, agus bhog siad ar aghaidh. Cha raibh sé chun leanstan ar aghaidh leis an chomhrá seo. Beirt acu! "Sula mbeas tusa críochnaithe, a Shíle, beidh an t-iomlán scaoilte saor agat," arsa Feadaímó go feargach. "Dá scaoilfeá Fiachra saor leis fhéin thiocfadh le duine de na príosúnaigh sin a insint do Dhomhnall," arsa Síle, "ach dá mbeadh Cian leis, cha ndéarfadh siad rud ar bith." "Cha dtiocfadh leat a bheith cinnte de sin," arsa Feadaímó. "Thiocfadh liom," arsa Síle, mar is mac de Chondí Rua é Cian." "An ag magadh atá tú? Arsa Feadaímó. Cad é a dhéanfadh mac an chait ach luch a mharú? Is cad é a dhéanamh mac an ghadaí ach gadaíocht? "Tá tú mícheart ar fad, arsa Síle. Is gasúr maith atá i gCian ach bhí sé faoi dhroch-thionchar a athar. Leoga bhí an baile uilig faoi thionchar an fhir sin. Muna mbeidh Condaí ansin stadfaidh an gadaíocht." "Is cuma liom," arsa Feadaímó, níl sé d'intinn agamsa duine ar bith acu a scaoileadh saor. Cibé ar bith, mór is eile is tá an capall, cha bheadh spás do thriúr agaibh ar a dhroim." "Cha bhíonn triúr ar a dhroim, a Fheadaímó," arsa Síle. D'amharc Feadaímó uirthí. "Cad chuige nach mbeadh?" "Mar," arsa Síle, agus í ag amharc isteach ina shúile, "tá mise ag dul go Meiriceá leatsa."

Beidh an chuid eile den scéal sa chéad eagrán eile.

# CÓISIR NA NOLLAG

Bhí oíche mhór ceoil agus craic i gClubtheach Ros na Binne ar an Mháirt, 8 Nollaig ag an chóisir bhliantúil do sheandaoine na paróiste. Ár mbuíochas do Nóirín Ní Ghallachóir as na grianghraif thíos a thabhairt dúinn.















# CÓISIR NA NOLLAG













Déan teagmháil linn: Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill. Fón: 074 9154830 Facs: 074 9154830 Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net

**AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA**
**Camas, Conamara.**
**Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155**
**eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com**

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Foras na Gaeilge

Údarás na Gaeltachta